# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005**

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR 1**
**(100 marc)**

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.15 go dtí 3.45**

## ROINN I – SCRÍOBH NA TEANGA [70 marc]

Ceist 1. Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C, D** anseo thíos. **(50 marc)**

(**Ní gá dul thar leathanach go leith i do fhreagra**.)

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:-

(i) An séasúr is fearr liom.
(ii) Sláinte mhaith.
(iii) Ceol agus rince- an tábhacht a bhaineann leo i saol an duine.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar thús leis:-

" Bhíodh dalta i mo scoilse ag magadh fúm i gcónaí. Bhí mé bréan de. Faoi dheireadh shocraigh mé go ndéanfainn rud éigin faoi..."

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla nuair a bhí tú féin agus do rang amuigh ag siúl sna sléibhte.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son nó in aghaidh an rúin sin :-

(i) "Tá an córas oideachais sa tír seo as dáta."

(ii) "Is é Manchester United an club sacair is fearr ar domhan."

**D. ALT (do nuachtán nó d'iris)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:-

(i) Bhuaigh tú comórtas cócaireachta. Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile ag cur síos ar an gcomórtas agus ar an mbéile a d'ullmhaigh tú mar chuid den chomórtas.

(ii) Tá an iris idirlín *Beo* ag *www.beo.ie* ag lorg alt ó dhaoine óga ar an ábhar *'An córas smachta i do scoilse'.* Scríobh an t-alt a chuirfeá chuig eagarthóir na hirise faoin ábhar sin.

THALL →

**Ceist 2.** Freagair **A** nó **B** anseo. **(Ní gá dul thar leathleathanach i do fhreagra.)** **(20 marc)**

**A.** Fágann tú do sheomra leapa go míshlachtmhar go minic. Scríobh **an comhrá** a bheadh idir tusa agus duine de do thuismitheoirí mar gheall air seo.

**B.** Tá dalta i do scoilse a tháinig go dtí an tír seo le déanaí. Chuir tú agallamh uirthi/air i gcomhair iris na scoile. Rinne tú téipeáil ar an agallamh . Scríobh **an t-agallamh** a bhí ar an téip agat.

## ROINN II - LÉAMHTHUISCINT (SLIOCHT LEANÚNACH) [30 marc]

Léigh an píosa iriseoireachta seo (bunaithe ar alt in *The Irish Times)* agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *[Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.]*


# Laochra Bhaile Phib

**1.** Is iomaí uair a dhéanann baill bhriogáid dóiteáin gaisce agus iad i mbun a gcuid oibre. In earrach na bliana 2004, nuair a bhí ceathanna Aibreáin ag lascadh na tire, tháinig briogáid dóiteáin Bhaile Phib, i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath, i gcabhair ar naoi gcinn d'éiníní lachan a bhí i mbaol a mbáite sa Chanáil Ríoga.

**2.** Thug duine éigin, a bhí ag dul thar bráid, faoi deara go raibh na héiníní teanntaithe istigh i gceann de loic na canála. Chuir sé fios ar an mbriogáid dóiteáin agus tháinig aonad amach agus na fearais tarrthála cuí acu. Fad is a bhí obair na tarrrthála ar siúl d'fhág an lacha, máthair na n-éiníní, an chanáil agus d'eitil amach ar an mbruach, áit ar fhan sí agus í ag faire go himníoch ar na himeachtaí drámatúla.

**3.** Tógadh na héiníní go cúramach as an gcontúirt ina raibh siad. Scaoileadh amach ar an mbruach iad. Rith siad i dtreo na máthar agus níorbh fhada go raibh ocht gcinn díobh go sábháilte teolaí faoina sciatháin.

**4.** Bhí éinín amháin áfach, a bhí chomh traochta, spíonta sin ón tsíorlapadaíl a bhí ar siúl aige istigh sa loc canála nach raibh an fuinneamh sna cosa beaga aige chun dul chomh fada lena mháthair. D'fhan sé ina staicín scanraithe ar an mbruach go dtí gur thóg ball den bhriogáid dóiteáin é ina lámha agus gur fágadh é ag taobh na máthar. D'ardaigh sise a sciathán agus tharraing isteach lena taobh é.
Nár laga Dia go deo sibh a Laochra Bhaile Phib!



**Ceisteanna** **(iad ar cómharc )**

**(i)** (a) Cathain a tharla an eachtra seo agus cén saghas aimsire a bhí ann ag an am?
(b) Cén fáth a raibh na héiníní lachan i mbaol?

**(ii)** (a) Cé a chuir fios ar an mbriogáid dóiteáin?
(b) Cén tionchar a bhí ag na himeachtaí drámatúla seo ar mháthar na n-éiníní?

**(iii)** (a) Cé mhéad éinín a rith i dtreo na máthar agus cad a rinne sise leo?
(b) Cad a bhí cearr le héinín amháin agus cén fáth?

**(iv)** Luaigh **dhá** phointe eolais i dtaobh mháthair na n-éiníní mar mháthair.

**(v)** Breac síos **dhá** phointe eolais ón téacs a léiríonn go raibh 'Laochra Bhaile Phib' cúramach agus críochnúil.



S7A

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## GAEILGE (ARDLEIBHÉAL)

## CLUASTUISCINT (100 marc)

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 go dtí 2.00**

| DON SCRÚDAITHEOIR | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CUID | A | | | B | | | C | | | D | | | |
| CEIST | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | 1 | 2 | 3 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | | | | | | | |

**STAMPA AN IONAID**

THALL →

**N.B. NÍ MÓR NA FREAGRAÍ AR FAD A SCRÍOBH i nGAEILGE.** **(100 marc)**

# CUID A

Cloisfidh tú giota cainte ó gach duine de *thriúr* daoine óga sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach giota díobh ***trí huaire***. Éist go cúramach leo agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1, 2** agus **3** thíos.

## 1. An Chéad Chainteoir

| **Ainm** | ***Peadar Ó Seachnasaigh*** |
|---|---|
| Cá bhfuil Peadar ag dul? | |
| Cad as dá thuismitheoirí? | |
| Cén t-ainm atá ar an teach tábhairne? | |
| Cén saghas scoile a bhfuil Peadar ag freastal uirthi? | |
| Ainmnigh an réalta spóirt is fearr leis. | |

## 2. An Dara Cainteoir

| **Ainm** | ***Aisling Kovac*** |
|---|---|
| Cá bhfuil Aisling ina cónaí ? | |
| Breac síos **dhá** phointe eolais i dtaobh a tuismitheoirí. | **(i)** |
| | **(ii)** |
| Cén caitheamh aimsire is fearr léi? | |
| Cén sobalchlár a raibh páirt bheag ag Aisling ann? | |

## 3. An Tríú Cainteoir

| **Ainm** | ***Déirdre Ní Cheallaigh*** |
|---|---|
| Cad as do Dhéirdre? | |
| Cén fáth a dtéann Déirdre go Londain? | |
| Cad atá ar siúl ag deirfiúr Dhéirdre anois? | |
| Cad a dhéanann Déirdre agus an cara is fearr atá aici nuair a bhíonn siad i dteannta a chéile? | |

# CUID B

Cloisfidh tú *trí* fhógra sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh ***faoi dhó***. Éist go cúramach leo. Beidh sos tar éis gach casadh chun deis a thabhairt duit na ceisteanna a bhaineann le gach fógra a fhreagairt.

## Fógra a hAon

**1.** Luaigh an **dá** shaghas duine a ngearrfar pionós €2 uirthi/air.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**2.** Cad a dhéanfaidh an scoil leis an airgead a bhaileofar?

____________________

## Fógra a Dó

**1.** Cé atá ag eagrú an chomórtais?

____________________

**2.** Cad é téama na bpóstaer atá á lorg le haghaidh an chomórtais?

____________________

**3.** Cá gcuirfear an t-eolas i dtaobh an chomórtais?

____________________

## Fógra a Trí

**1.** Ainmnigh an bóthar a luaitear san fhógra.

____________________

**2.** Cén fáth a bhfuil an bóthar dainséarach?

____________________

**3.** Luaigh pointe eolais **amháin** eile a luaitear faoi stad an bhóthair.

____________________

**THALL →**

# CUID C

Cloisfidh tú *trí cinn* de chomhráite sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh ***trí huaire***. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina 2 mhír. Beidh sos tar éis gach míre díobh chun deis a thabhairt duit an cheist a bhaineann leis an mír sin a fhreagairt. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## Comhrá a hAon

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a cheap Cathal faoin scannán *Troy*?

___

***An Dara Mír***

**2.** Cén cuireadh a thugann Ríona do Chathal?

___

**3.** Cén fáth, dar leat, a raibh Ríona mí-shásta ag an deireadh?

___

## Comhrá a Dó

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén scéala a chuala Ciara faoi Róise?

___

**2.** Cad ba chúis leis an bhfadhb bheag a bhí aici, dar leis na dochtúirí?

___

***An Dara Mír***

**3.** Cén chomhairle a chuir na dochtúirí ar Róise?

___

## Comhrá a Trí

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad chuige ar cuireadh Seán as an rang?

___

***An Dara Mír***

**2.** Cén fáth nár theastaigh ó Sheán an fón póca a thabhairt don Phríomhoide?

___

**3.** Cén pionós eile a cuireadh ar Sheán?

___

# CUID D

Cloisfidh tú *trí cinn* de phíosaí ón raidió sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh ***faoi dhó***. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna a ghabhann le gach píosa díobh.

## Píosa a hAon

**1.** Cad a tharla i bPobalscoil an Ghleanna Dé hAoine seo caite?

______________________________________________

**2.** Conas a bhí an t-iarscoláire in ann íoc as an gcostas?

______________________________________________

## Píosa a Dó

**1.** Cén saghas leabhair é *Amach*?

______________________________________________

**2.** Cén ráfla atá amuigh anois?

______________________________________________

## Píosa a Trí

**1.** Cathain a bhuaigh Mickey Harte croíthe idir óg agus aosta?

______________________________________________

**2.** Cé a bhuaileann isteach sa chlinic go minic?

______________________________________________